SPÓRT ÉIREANN
SPORT IRELAND

# Maoiniú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin

## Leithdháiltí Maoinithe 2024, Tráinse 1

ciste na gcuntas díomhaoin
the dormant accounts fund

SPÓRT ÉIREANN
SPORT IRELAND

ciste na gcuntas díomhaoin
the dormant accounts fund

# €5.14m Infheistíocht Iomlán ó Spórt Éireann Tráinse 1, 2024 – Cuntais Dhíomhaoine

**Moil Phobail Spóirt agus Gníomhaíochta Coirp**
**€1.71m**

**Cathracha Gníomhacha**
**€1m**

**Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú**
**€500k**

**Tionscadail Rannpháirtíochta sa Spórt do Dhaoine faoi Mhíchumas**
**€500k**

**Tacaíochtaí d'Oibrithe Deonacha**
**€400k**

**Tionscnaimh Eachtraíochta Uirbeacha Amuigh faoin Aer**
**€330k**

**An Creat Oiliúna Míchumais**
**€300k**

**Her Moves**
**€200k**

**Oiliúint agus Oideachas**
**€200k**

SPÓRT ÉIREANN
SPORT IRELAND

ciste na
gcuntas díomhaoin
the dormant
accounts fund

# Clár na nÁbhar


| | LEATHANACH |
|---|---|
| **Miondealú ar an Maoiniú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin** | |
| Moil Spóirt agus Gníomhaíochta Coirp Pobail | 4 |
| Oiliúint agus Oideachas | 6 |
| Tacaíochtaí d'Oibrithe Deonacha | 7 |
| An Creat Oiliúna Míchumais | 8 |
| Tionscadail Rannpháirtíochta sa Spórt do Dhaoine faoi Mhíchumas (SIDP) | 9 |
| Cathracha Gníomhacha | 10 |
| Tionscnaimh Eachtraíochta amuigh faoin Aer i gCeantair Uirbeacha (UOAI) | 11 |
| Her Moves | 12 |
| Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú | 13 |

# Miondealú ar an Maoiniú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin

## Moil Spóirt agus Gníomhaíochta Coirp Pobail

Leithdháilfear maoiniú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin chun 4 Mhol Spóirt Pobail agus Gníomhaíochta Coirp (Moil) faoi stiúir Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt (CÁS) a bhunú in 2024, agus leithdháilfear maoiniú breise ar na 38 mol atá ag feidhmiú sa tréimhse mhaoinithe cúig bliana 2020 - 2024 faoi láthair. Ina theannta sin, leithdháilfear maoiniú forlíontach ar 6 Mhol atá lasmuigh den tréimhse mhaoinithe cúig bliana faoi láthair, maoiniú bliana amháin, chun an straitéis a láidriú le go mbeidh na 6 Mhol sin in ann dul i dtreo múnla maoinithe níos inbhuanaithe. Tá Spórt Éireann tar éis 80 Mol a mhaoiniú go dtí seo sa líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt.

Is éard is aidhm leis na Moil daoine áitiúla a thabhairt le chéile agus bunáit a chur ar fáil do chlubanna agus eagraíochtaí spóirt sa cheantar. Tá na Moil ag feidhmiú de réir trí mhúnla éagsúla:

1. Mol Spóirt Pobail
2. Mol Spóirt Pobail Scoile
3. Mol Spóirt Pobail Allamuigh

Le tacaíocht ó líonra na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt atá ag Spórt Éireann, cuirfidh na moil seo eolas, tacaíocht agus comhairle ar fáil maidir le raon leathan spórt agus gníomhaíochtaí coirp d'fhonn é a dhéanamh níos éasca do dhaoine i gceantair faoi mhíbhuntáiste a bheith páirteach agus stíl mhaireachtála níos gníomhaí agus níos sláintiúla a bheith acu.

### Leithdháileadh Maoinithe do Mhoil, 2024

| Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt | Suim Iomlán a Bronnadh |
|---|---|
| CÁS Chorcaí | € 41,500 |
| CÁS Laoise | € 41,500 |
| CÁS Ros Comáin | € 41,500 |
| CÁS na hIarmhí | € 41,500 |

### Leithdháileadh Maoinithe do Mhoil, 2023

| Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt | Suim Iomlán a Bronnadh |
|---|---|
| CÁS Dhún na nGall | € 62,500 |
| CÁS Chill Dara | € 62,500 |
| CÁS Laoise | € 62,500 |
| CÁS Liatroma | € 62,500 |
| CÁS Uíbh Fhailí | € 62,500 |

### Leithdháileadh Maoinithe do Mhoil, 2022

| Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt | Suim Iomlán a Bronnadh |
|---|---|
| CÁS Cheatharlach | € 47,500 |
| CÁS Chorcaí | € 47,500 |
| CÁS na Gaillimhe | € 47,500 |
| CÁS an Longfoirt | € 47,500 |
| CÁS Mhaigh Eo | € 47,500 |
| CÁS Uíbh Fhailí | € 47,500 |
| CÁS Ros Comáin | € 47,500 |
| CÁS Shligigh | € 47,500 |
| CÁS Loch Garman | € 47,500 |
| CÁS Chill Mhantáin | € 47,500 |

### Leithdháileadh Maoinithe do Mhoil, 2021

| Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt | Suim Iomlán a Bronnadh |
|---|---|
| CÁS an Chabháin | € 30,000 |
| CÁS Chathair Bhaile Átha Cliath | € 30,000 |
| CÁS Fhine Gall | € 30,000 |
| CÁS na Gaillimhe | € 30,000 |
| CÁS Chill Chainnigh | € 30,000 |
| CÁS Laoise | € 30,000 |
| CÁS Liatroma | € 30,000 |
| CÁS Luimnigh | € 30,000 |
| CÁS na Mí | € 30,000 |
| CÁS Mhuineacháin | € 30,000 |

### Leithdháileadh Maoinithe do Mhoil, 2020

| Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt | Suim Iomlán a Bronnadh |
|---|---|
| CÁS an Chláir | € 20,000 |
| CÁS Dhún na nGall | € 20,000 |
| CÁS Chathair Bhaile Átha Cliath | € 20,000 |
| CÁS Chiarraí | € 20,000 |
| CÁS Chill Dara | € 20,000 |
| CÁS Liatroma | € 20,000 |
| CÁS an Longfoirt | € 20,000 |
| CÁS Lú | € 20,000 |
| CÁS Mhaigh Eo | € 20,000 |
| CÁS Uíbh Fhailí | € 20,000 |
| CÁS Shligigh | € 20,000 |
| CÁS Thiobraid Árann | € 20,000 |
| CÁS na hIarmhí | € 20,000 |

### Leithdháileadh Forlíontach Maoinithe (Maoiniú Bliana)

| Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt | Tréimhse Bhunaidh Mhaoinithe | Suim Iomlán a Bronnadh |
|---|---|---|
| CÁS Chorcaí | 2017-2021 | € 33,000 |
| CÁS Dhún na nGall | 2015-2019 | € 33,000 |
| CÁS Chill Dara | 2017-2021 | € 33,000 |
| CÁS Luimnigh | 2019-2023 | € 33,000 |
| CÁS na Mí | 2019-2023 | € 33,000 |
| CÁS Shligigh | 2015-2019 | € 33,000 |



## Oiliúint agus Oideachas

Tá sé mar aidhm ag an tionscnamh seo tacú le foghlaimeoirí ó phobail atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch, lena n-áirítear daoine ó chúlraí éagsúla agus daoine faoi mhíchumas ar mian leo cur lena gcuid scileanna. Is mian leis na rannpháirtithe seo páirt ghníomhach a ghlacadh i ngníomhaíochtaí go háitiúil agus iad ainmnithe ag a bpobal mar ábhar teagascóirí, ceannairí, oibrithe deonacha nó cóitseálaithe.

Forbróidh foghlaimeoirí scileanna solúbtha ar na cláir oiliúna agus oideachais seo a chuideoidh leo i róil íoctha agus róil dheonacha, cuirfear an fhorbairt phearsanta chun cinn agus beidh deis ag rannpháirtithe an t-eolas, na scileanna agus an taithí chuí a fháil chun tacú leo i róil éagsúla i gcomhthéacsanna spóirt agus gníomhaíochta coirp.

| Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt | Suim Iomlán a Bronnadh |
|---|---|
| CÁS Cheatharlach | € 20,000 |
| CÁS Chorcaí | € 20,000 |
| CÁS Chathair Bhaile Átha Cliath | € 18,500 |
| CÁS Chill Dara | € 15,000 |
| CÁS Laoise | € 15,000 |
| CÁS Luimnigh | € 20,000 |
| CÁS an Longfoirt | € 20,000 |
| CÁS Lú | € 15,000 |
| CÁS Mhaigh Eo | € 13,000 |
| CÁS na Mí | € 10,000 |
| CÁS Bhaile Átha Cliath Theas | € 10,000 |
| CÁS na hIarmhí | € 8,500 |
| CÁS Loch Garman | € 15,000 |



## Tacaíochtaí d'Oibrithe Deonacha

Tá sé mar aidhm ag tionscnamh na dTacaíochtaí d'Oibrithe Deonacha daoine atá ag obair go deonach i bpobail faoi mhíbhuntáiste nó le daoine faoi mhíchumas a aithint agus cabhrú leo scileanna ceannaireachta don spórt pobail agus gníomhaíocht coirp a fhorbairt (mar shampla, mar chóitseálaithe, ceannairí, réiteoirí, baill de choistí). Tugtar tacaíocht do chláir chóitseála, cláir forbartha agus do dheiseanna oiliúna eile faoin gciste seo.

Tá an sruth maoinithe seo ar fáil do dhaoine a bhíonn ag obair go deonach i bpobail faoi mhíbhuntáiste nó le daoine faoi mhíchumas. Féachtar ann le muinín agus scileanna rannpháirtithe a fhorbairt, rud a rachaidh chun tairbhe don phobal i ndeireadh na dála mar thoradh ar na hiarrachtaí deonacha forbartha spóirt a dhéanann na daoine seo.

| Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt | Suim Iomlán a Bronnadh |
|---|---|
| CÁS Cheatharlach | € 15,000 |
| CÁS an Chláir | € 36,000 |
| CÁS Chorcaí | € 28,000 |
| CÁS Dhún na nGall | € 16,600 |
| CÁS Chathair Bhaile Átha Cliath | € 21,000 |
| CÁS Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin | € 11,000 |
| CÁS Chill Dara | € 35,000 |
| CÁS Chill Chainnigh | € 14,000 |
| CÁS Luimnigh | € 40,000 |
| CÁS Lú | € 40,000 |
| CÁS Mhaigh Eo | € 11,000 |
| CÁS na Mí | € 40,000 |
| CÁS Uíbh Fhailí | € 14,000 |
| CÁS Ros Comáin | € 3,800 |
| CÁS Shligigh | € 25,000 |
| CÁS Bhaile Átha Cliath Theas | € 6,000 |
| CÁS na hIarmhí | € 8,600 |
| CÁS Loch Garman | € 15,000 |
| CÁS Chill Mhantáin | € 20,000 |



## An Creat Oiliúna Míchumais

Cuirfidh Ciste na gCuntas Díomhaoin, 2024 ar chumas Mhíchumas Gníomhach Éireann leanúint de bheith ag obair as lámha a chéile leis an líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt atá i Spórt Éireann. Ina theannta sin, beidh siad ag cur go leanúnach leis an rath faoin gClár 'Xcessible' le tacaíocht a thabhairt chun athruithe sa chultúr a thabhairt isteach ar fud eagraíochtaí.

Leanfaidh Míchumas Gníomhach Éireann orthu ag cur thionscadal an tsaoil amuigh faoin aer chun cinn chomh maith, tionscadal a bhfuil sé mar aidhm aige acmhainn a thógáil i measc daoine a oibríonn amuigh faoin aer d'fhonn an obair sin a dhéanamh níos ionchuimsithí, chomh maith le feabhas a chur ar chaighdeán na ndeiseanna spóirt agus gníomhaíochta coirp amuigh faoin aer do dhaoine faoi mhíchumas.

Beidh Míchumas Gníomhach Éireann ag obair le daoine óga faoi mhíchumais le forbairt a dhéanamh ar chairt óige don athrú san earnáil spóirt agus ar chlár ionchuimsitheach don cheannaireacht óige. Déanfar obair na hearnála spóirt a threorú leis an tionscnamh seo agus, san am céanna, tabharfar deiseanna forbartha do cheannairí spóirt don am atá le teacht.

| An Foras a fuair Maoiniú | Suim Iomlán a Bronnadh |
|---|---|
| Míchumas Gníomhach Éireann | € 300,000 |



## Tionscadail Rannpháirtíochta sa Spórt do Dhaoine faoi Mhíchumas (SIDP)

Tá sé mar aidhm ag ciste an tionscadail seo na bacainní ar rannpháirtíocht spóirt a laghdú do dhaoine faoi mhíchumas trí mhion-bhonneagar a fhorbairt, ráillí láimhe agus fearais cuir i gcás, agus trealamh a chur ar fáil, cochaill snámha agus lámhrothair san áireamh. Bainfear leas as an trealamh nó an bonneagar le rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas i spórt nó i ngníomhaíocht coirp a mhéadú ina gcontae féin.

| Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt | Suim Iomlán a Bronnadh |
|---|---|
| CÁS Cheatharlach | € 30,500 |
| CÁS an Chabháin | € 30,100 |
| CÁS an Chláir | € 30,100 |
| CÁS Chorcaí | € 40,000 |
| CÁS Chathair Bhaile Átha Cliath | € 30,100 |
| CÁS Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin | € 33,000 |
| CÁS Chill Dara | € 40,000 |
| CÁS Liatroma | € 30,000 |
| CÁS Luimnigh | € 40,000 |
| CÁS na Mí | € 40,000 |
| CÁS Ros Comáin | € 27,300 |
| CÁS Shligigh | € 30,500 |
| CÁS Bhaile Átha Cliath Theas | € 26,000 |
| CÁS Thiobraid Árann | € 38,100 |
| CÁS Phort Láirge | € 19,200 |
| CÁS Loch Garman | € 15,100 |



## Cathracha Gníomhacha

Is é 2024 an cúigiú timthriall maoinithe don tionscadal Cathracha Gníomhacha atá á chur ar fáil sna 5 chathair is mó i bPoblacht na hÉireann agus atá á éascú ag 8 gComhpháirtíocht Áitiúla Spóirt. Seo an fhís atá mar spreagadh ag Cathracha Gníomhacha:

- Na buntáistí a bhaineann leis an spórt agus le gníomhaíocht coirp a normalú ar bhonn sóisialta,
- Cláir agus deiseanna a chruthú do shaoránaigh ar gach cumas agus ar gach aois,
- Obair i bpáirt le chéile chun gníomhaíocht coirp a mhéadú,
- Timpeallachtaí a chruthú agus a chothú ina mbeidh an spórt agus gníomhaíocht coirp faoi bhláth, mar chuid dá n-iarrachtaí i dtreo saol níos folláine dá saoránaigh.




| Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt | Suim Iomlán a Bronnadh |
|---|---|
| CÁS Chorcaí | € 140,000 |
| CÁS Chathair Bhaile Átha Cliath | € 125,000 |
| CÁS Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin | € 100,000 |
| CÁS Fhine Gall | € 107,500 |
| CÁS na Gaillimhe | € 90,000 |
| CÁS Luimnigh* | € 225,000 |
| CÁS Bhaile Átha Cliath Theas | € 107,500 |
| CÁS Phort Láirge | € 105,000 |

*Mar chuid de leithdháileadh CÁS (Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt) Luimnigh tá an maoiniú don Oifigeach Náisiúnta um Chathracha Gníomhacha, ról atá lonnaithe in oifig CÁS Luimnigh ach a bhíonn ag obair thar ceann gach CÁS i dtionscadal na gCathracha Gníomhacha.

## Tionscnaimh Eachtraíochta amuigh faoin Aer i gCeantair Uirbeacha (UOAI)

Is éard is aidhm le Ciste na dTionscnamh Eachtraíochta amuigh faoin Aer i gCeantair Uirbeacha ná deiseanna a chruthú do dhaoine atá ina gcónaí i bpobail faoi mhíbhuntáiste páirt a ghlacadh i spóirt eachtraíochta faoin aer i suíomhanna uirbeacha. Féachann an clár freisin le deiseanna nua a chruthú do dhaoine óga atá i mbaol agus a bhfuil cónaí orthu i gceantair faoi mhíbhuntáiste agus do dhaoine faoi mhíchumas.

Ní bhíonn ach deiseanna teoranta ag daoine atá ina gcónaí i bpobail uirbeacha triail a bhaint as spóirt eachtraíochta lasmuigh ar na cúiseanna seo:

- Timpeallachtaí nádúrtha oiriúnacha,
- Achar ó thimpeallachtaí traidisiúnta amuigh le gníomhaíochtaí a dhéanamh (foraoisí, sléibhte, srl.); agus
- An gá le trealamh, maoirseacht, oiliúint agus tacaíocht chun tabhairt faoi na spóirt seo.

| Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt | Suim Iomlán a Bronnadh |
|---|---|
| CÁS an Chláir | € 55,000 |
| CÁS Chorcaí | € 35,000 |
| CÁS Laoise | € 45,000 |
| CÁS Lú | € 55,000 |
| CÁS na Mí | € 55,000 |
| CÁS Mhuineacháin | € 30,000 |
| CÁS Shligigh | € 55,000 |



## Her Moves

Is é is aidhm don tionscnamh Her Moves feachtas a chur i ngníomh leis an athrú sistéamach a bhaint amach - feachtas bunaithe ar chruthú branda, teachtaireachtaí éifeachtacha, spás ar líne agus deiseanna don ghníomhaíocht coirp a thabharfaidh muinín agus spreagadh do chailíní, a chuirfidh ar a gcumas dóibh le bheith gníomhach ina ndóigh féin, le bheith díograiseach faoi spóirt/ gníomhaíochtaí nua a thriail agus le cuspóirí an spóirt a leagan amach arís as an nua.  Tá an ciste dírithe ar thacú le forbairt agus píolótú clár agus tionscnamh a fhéachann leis na rátaí fágála spóirt agus gníomhaíochta coirp a laghdú i measc cailíní sna déaga.




| Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt | Suim Iomlán a Bronnadh |
|---|---|
| CÁS Cheatharlach | € 5,000 |
| CÁS an Chabháin | € 6,000 |
| CÁS an Chláir | € 7,000 |
| CÁS Chorcaí | € 10,000 |
| CÁS Dhún na nGall | € 7,000 |
| CÁS Chathair Bhaile Átha Cliath | € 7,000 |
| CÁS Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin | € 7,000 |
| CÁS Fhine Gall | € 6,000 |
| CÁS na Gaillimhe | € 10,000 |
| CÁS Chiarraí | € 6,000 |
| CÁS Chill Dara | € 10,000 |
| CÁS Chill Chainnigh | € 8,000 |
| CÁS Laoise | € 7,000 |
| CÁS Liatroma | € 8,000 |
| CÁS Luimnigh | € 10,000 |
| CÁS an Longfoirt | € 7,000 |
| CÁS Lú | € 6,000 |
| CÁS Mhaigh Eo | € 6,000 |
| CÁS na Mí | € 10,000 |
| CÁS Mhuineacháin | € 8,000 |
| CÁS Uíbh Fhailí | € 7,000 |
| CÁS Ros Comáin | € 2,000 |
| CÁS Shligigh | € 7,000 |
| CÁS Bhaile Átha Cliath Theas | € 2,000 |
| CÁS Thiobraid Árann | € 8,000 |
| CÁS Phort Láirge | € 7,000 |
| CÁS Loch Garman | € 10,000 |
| CÁS Chill Mhantáin | € 6,000 |

## Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú

Tá an Ciste Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe dírithe ar thacú le tionscadail a théann i ngleic leis na bacainní ar rannpháirtíocht a bhíonn ag daoine i bpobail éagsúla agus an aidhm ann inrochtaineacht agus ionchuimsiú a fheabhsú sa spórt agus i ngníomhaíochtaí coirp. Cuireann an ciste ar a gcumas do CÁPanna tionscnaimh a n-éiríonn leo a fhorbairt agus a athchruthú, agus triail a bhaint as straitéisí cruthaithe le rannpháirtíocht a mhéadú i bpobail a bhfuil éagsúlacht iontu. Chomh maith leis sin, tá sé mar aidhm ag an gciste scileanna agus acmhainní a fheabhsú san earnáil spóirt le hoideachas, oiliúint agus tacaíocht a chur ar fáil le go mbeidh páirtithe leasmhara in ann comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú a chur chun cinn go héifeachtach.




| Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt | Suim Iomlán a Bronnadh |
|---|---|
| CÁS Cheatharlach | € 18,600 |
| CÁS an Chláir | € 16,500 |
| CÁS Chorcaí | € 30,000 |
| CÁS Dhún na nGall | € 30,000 |
| CÁS Chathair Bhaile Átha Cliath | € 30,000 |
| CÁS Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin | € 15,000 |
| CÁS Chiarraí | € 30,000 |
| CÁS Chill Dara | € 12,400 |
| CÁS Chill Chainnigh | € 6,000 |
| CÁS Laoise | € 25,000 |
| CÁS Liatroma | € 30,000 |
| CÁS Luimnigh | € 25,000 |
| CÁS an Longfoirt | € 14,700 |
| CÁS Lú | € 18,600 |
| CÁS Mhaigh Eo | € 18,600 |
| CÁS na Mí | € 30,000 |
| CÁS Mhuineacháin | € 15,000 |
| CÁS Uíbh Fhailí | € 30,000 |
| CÁS Shligigh | € 30,000 |
| CÁS Bhaile Átha Cliath Theas | € 18,600 |
| CÁS Thiobraid Árann | € 5,000 |
| CÁS Phort Láirge | € 5,500 |
| CÁS na hIarmhí | € 12,000 |
| CÁS Loch Garman | € 8,500 |
| CÁS Chill Mhantáin | € 25,000 |

SPÓRT ÉIREANN
SPORT IRELAND

ciste na
gcuntas díomhaoin
the dormant
accounts fund

www.sportireland.ie